# Deacrachtaí Cumarsáide

**Léigh amach an comhrá seo, os ard.**

**Múinteoir:** (go láidir, muiníneach) Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim!

**Foghlaimeoir:** (go faiteach, mímhuiníneach) Gabh mo leithscéal, an féidir leat é sin a rá arís, le do thoil?

**Múinteoir:** Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim!

**Foghlaimeoir:** Tá brón orm, ní thuigim.

**Múinteoir:** (le hosna, agus go tapa, mífhoighneach) Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim!

**Foghlaimeoir:** An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?

**Múinteoir:** (go mall, drámata) Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim!

**Foghlaimeoir:** Cad a chiallaíonn (á rá go stadach) 'Is namh-aid í an cccheird ...gan í a fhogh-laim!'

**Múinteoir:** Bíonn gach scil deacair go dtí go bhfoghlaimíonn tú conas í a dhéanamh.

**Foghlaimeoir:** Tá brón orm, ní thuigim é fós.

**Múinteoir:** Nuair atá scil agat tá an scil sin éasca, ceapann tú. Nuair nach bhfuil scil agat tá sé deacair, dar leat.

**Foghlaimeoir:** Ó tuigim, tuigim anois. An bhféadfá 'namhaid' a litriú led' thoil?

**Múinteoir:** Cinnte. N-A-M-H-A-I-D, namhaid.

**Foghlaimeoir:** Go raibh maith agat. Agus 'ceird'. An bhféadfá 'ceird' a litriú led' thoil?

**Múinteoir:** Ahem. C-E-I-R-D, ceird. Aon cheist eile? (go dalba!)

**Foghlaimeoir:** Níl, tuigim gach rud anois, go raibh maith agat.

1. **Tá na frásaí seo ar fáil sa chomhrá. Faigh an leagan Gaeilge díobh agus scríobh iad in aice leo.**

   a. I'm sorry. _________________________

   b. I don't understand. _________________________

   c. I understand. _________________________

   d. Excuse me. _________________________

   e. Thank you. _________________________

2. **(a) Aimsigh na ceisteanna seo sa chomhrá:**

   *Could you spell ……please?*

   *Could you speak more slowly please?*

   **(b) Iarr ar do pháirtnéir iad seo a litriú duit, iarr air labhairt go mall:** *ceol, snámh, Gaeilge, clóscríobh, Béarla*